Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2026
(OR. en)

15334/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0335(NLE)

MAR 192
OMI 80
ENV 1356
CLIMA 612

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta sa 85ú seisiún agus sa dara seisiún urghnách atosaithe, agus ag an 23ú cruinniú de Mheitheal Idirsheisiúnachum Astaíochtaí GCT ó Longa a Laghdú (ISWG-GHG) de chuid CCCM a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)

IARSCRÍBHINN

Na treoirphrionsabail dá dtagraítear in Airteagail 1, 2 agus 3:

1. Tacóidh an tAontas le pacáiste críochnaitheach de bhearta lár téarma laghdaithe GCT lena mbaintear amach spriocanna Straitéis GCT 2023 EMI, go háirithe an sprioc maidir le hastaíochtaí a laghdú go glan-nialas, faoi 2050 nó thart air, i.e. gar don bhliain sin, ar bhonn tobar-go-marbhshruth.

2. Cuirfidh an tAontas pacáiste críochnaitheach chun cinn lena n-áiritheofar cóir neamh-idirdhealaitheach agus lena n-íoslaghdófar an t-ualach riaracháin.

3. Áiritheoidh an tAontas go ndéanfar foráil sa phacáiste críochnaitheach maidir le forfheidhmiú éifeachtach comhsheasmhach, lena n-áirítear faireachán agus fíorú, agus solúbthacht á tabhairt do longa spriocanna an phacáiste a chomhlíonadh an tráth céanna.

4. Tacóidh an tAontas leis go mbeidh sa phacáiste críochnaitheach sásra soiléir don ghné eacnamaíoch a chomhlánaíonn an ghné theicniúil, trí bhíthin dhá chonair laghdaithe nó sásra coibhéiseach a fhónann don chuspóir céanna.

5. Is féidir leis an Aontas glacadh le conair níos rianúla chun déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú sna chéad bhlianta den chur chun feidhme, ar choinníoll go ngéaraítear ar an obair sna blianta ina dhiaidh sin chun glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050, nó thart air sin, i.e. gar do 2050.

6. Tacóidh an tAontas le sprioc inchreidte a leagan síos maidir le déine astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú do 2040 a bheidh faoi réir athbhreithniú a dhéanfar faoi 2035.

   Tacóidh an tAontas go measfar san athbhreithniú sin éifeachtacht an bhirt maidir lena spriocanna laghdaithe a bhaint amach agus forbairt mhargadh na mbreoslaí muirí malartacha a dhreasú, agus go ndéanfar:

   (a) táscairí oibiachtúla agus trédhearcacha a chur san áireamh;

   (b) sprioc laghdaithe 2040 a athbhreithniú agus a leasú, más iomchuí;

   (c) na spriocanna maidir le laghdú a shocrú suas le 2050; agus

   (d) gan baint amach spriocanna Straitéis GCT 2023 EMI a chur i mbaol.

7. Maidir leis na roghanna solúbthachta chun na spriocanna laghdaithe a chomhlíonadh, tacóidh an tAontas leis gur féidir le ró-chomhlíonadh loinge i mbliain ar leith tearc-chomhlíonadh na loinge sin nó loinge eile a réiteach ar feadh líon teoranta blianta ina dhiaidh sin, faoi réir sásra coimirce a thabhairt isteach lena gcoiscfear saobhadh margaidh.

8. Léireoidh an tAontas oscailteacht maidir le rogha bhreise solúbthachta a fhorbairt chun na spriocanna laghdaithe a chomhlíonadh, lena leagtar amach sásra lena gceadaítear do longa ranníocaíochtaí airgeadais nó infheistíochtaí a dhéanamh i dtionscadail ar ráta réamhshocraithe arna shainiú ag EMI. Beidh tacaíocht don rogha solúbthachta bhreise sin ar choinníoll nach ndéanfaidh sí dochar don chomhlíontacht dhíreach agus ar choinníoll go ndéanfar infheistíochtaí fadtéarmacha atá neodrach ó thaobh breosla agus teicneolaíochta de lena gcuirtear aistriú fuinnimh na hearnála loingseoireachta chun cinn a dhreasú agus go dtabharfar isteach sláine chomhshaoil shoiléir, laghduithe infhíoraithe agus buana ar astaíochtaí agus cosc ar chomhaireamh dúbailte agus coimircí trédhearcachta.

9. Tacóidh an tAontas le teicneolaíochtaí, breoslaí agus foinsí fuinnimh astaíochtaí GCT nialasacha agus beagnach nialasach a dhreasú in earnáil na loingseoireachta tríd an ngné eacnamaíoch. Léireoidh an tAontas oscailteacht maidir le húsáid iolraitheoirí i ndáil leis an ró-chomhlíonadh arna bhaint amach ag longa a úsáideann teicneolaíochtaí agus breoslaí astaíochtaí GCT nialasacha agus beagnach nialasach ar choinníoll go bhfuil an fad ama teoranta, go gcoisctear comhaireamh dúbailte, agus nach gcuirtear sprioc ghlan-nialasach an phacáiste chríochnaithigh de bhearta lár téarma maidir le laghdú GCT i mbaol agus go n-áiritheofar sláine comhshaoil na mbeart.

10. Tacóidh an tAontas le sásra lena ndreasaítear bealaí soiléire inchreidte chun tacú le gach tír, go háirithe Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha agus na Tíortha is Lú Forbairt, páirt a ghlacadh in aistriú na loingseoireachta, mar bhealach chun aistriú cóir cothrom na hearnála loingseoireachta a áirithiú.